

Cuir Gaeilge Air Seo:

1. Tá áthas orm; Tá áthas ort; Tá áthas air.
2. Tá áthas uirthi; Tá áthas orainn.
3. Tá áthas oraibh; Tá áthas orthu.
4. Níl brón air; níl brón orthu.
5. Bhí áthas uirthi; ní raibh brón uirthi.
6. Tá ocras air; níl tart air.
7. Níl eagla air; tá náire air.
8. Tá an páiste ag gol; tá tinneas fiacaile air.
9. Beidh ionadh ar an múinteoir.
10. Beidh inní ar Nóra, beidh fearg uirthi.
11. Tá codladh ort. Téigh a chodladh.
12. Tá ocras ort. Ith do dhinnéar.
13. Tá tart orm. Tabhair an bainne dom.
14. Bhí slaghdán orm. D’fhan mé sa bhaile cois tine.
15. Cuir ort do chóta agus tar amach.
16. Chuir sé air a chuid éadaigh agus chuaigh sé amach.
17. Chuir sí uirthi a cóta agus chuaigh sí abhaile.
18. Ní raibh hata air cois farraige.
19. Beidh mo chóta nua orm Dé Domhnaigh.
20. Mo pheann, do pheann, a pheann, a peann
21. Déanann sé a cheachtanna gach oíche.
22. Rinne sí a ceachtanna; dúirt sí a paidreacha.
23. Déan do cheachtanna; abair do phaidreacha.
24. Níl sé ag féachaint ort.
25. Tá do chóta stróicthe; tá a bróg caite.
26. An mbeidh sé anseo an tseachtain seo chugainn? Beidh sé.